AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.11.2020
COM(2020) 736 final

2020/0327 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil leis an leasú ar Iarscríbhinn VI (Slándáil Shóisialta) a ghabhann le Comhaontú LEE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE i dtaca leis an gCinneadh ó Chomhchoiste LEE a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn VI (Slándáil Shóisialta) a ghabhann le Comhaontú LEE

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. Comhaontú LEE

Leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE') ráthaítear cearta agus oibleagáidí comhionanna laistigh den Mhargadh Inmheánach do shaoránaigh agus d'oibreoirí eacnamaíocha in LEE. Déantar foráil ann maidir leis an gcuid sin de reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a chuimsíonn na ceithre shaoirse ar fud na 30 Stát LEE ina bhfuil Ballstáit an Aontais, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin. Lena chois sin, cumhdaítear comhar i réimsí tábhachtacha eile le Comhaontú LEE amhail taighde agus forbairt, oideachas, beartas sóisialta, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí, turasóireacht agus cultúr, a dtugtar beartais "tionlacain agus chothrománacha" orthu i dteannta a chéile. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994. Is páirtí sa Chomhaontú é an tAontas Eorpach in éineacht lena Bhallstáit.

2.2. Comhchoiste LEE

Tá Comhchoiste LEE freagrach as Comhaontú LEE a bhainistiú. Is fóram é chun tuairimí a bhaineann le feidhmiú Chomhaontú LEE a mhalartú. Is de chomhthoil a ghlactar cinntí an Chomhchoiste. I gcomhréir le Conradh Liospóin, is é an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí atá freagrach as cúrsaí LEE a chomhordú ar thaobh an Aontais.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhchoiste LEE

Táthar ag súil go nglacfaidh Comhchoiste LEE Cinneadh de chuid Chomhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn VI (Slándáil Shóisialta) a ghabhann le Comhaontú LEE ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe cosaint chómhalartach ceart slándála sóisialta a áirithiú do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, daoine gan stát agus dídeanaithe, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí, atá nó a bhí, faoi dheireadh na hidirthréimhse, ag maireachtáil i staid trasteorann lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na Páirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann an tráth céanna.

Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach maidir leis na páirtithe i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 den Chomhaontú.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is gá cosaint chómhalartach ceart slándála sóisialta a sholáthar do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, daoine gan stát agus dídeanaithe, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí, atá nó a bhí, faoi dheireadh na hidirthréimhse, mar a shainmhínítear in Airteagal 126 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal

Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("Comhaontú um Tharraingt Siar")[1], ag maireachtáil i staid trasteorann lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na Páirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann an tráth céanna.

De réir Airteagal 33(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar[2], beidh feidhm ag Teideal III de (maidir le comhordú córas slándála sóisialta) freisin maidir le náisiúnaigh de Stáit CSTE LEE, ar choinníoll go dtabharfaidh na tíortha sin na comhaontuithe comhfhreagracha i gcrích leis an Ríocht Aontaithe (a mbeadh feidhm acu maidir le saoránaigh den Aontas) agus leis an Aontas (a mbeadh feidhm acu maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe).

Ós rud é go bhfuil na comhaontuithe ábhartha tugtha i gcrích ag Stáit LEE CSTE leis an Ríocht Aontaithe, is faoin Aontas agus faoi Stáit CSTE LEE atá sé comhaontuithe a thabhairt i gcrích lena n-áiritheofaí go gcosnófar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe faoi raon feidhme an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus an Chomhaontaithe maidir leis na socruithe idir an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach ("Comhaontú Idirscartha") ó thaobh a gceart slándála sóisialta arna bhfáil roimh dheireadh na hidirthréimhse nó a bheidh le fáil ina dhiaidh sin.

Dá bhrí sin, is é is aidhm don Dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE (atá i gceangal leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe) Iarscríbhinn VI (Slándáil Shóisialta) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun a áirithiú go leanfar de chearta slándála sóisialta na náisiúnach sin den Ríocht Aontaithe a chaomhnú.

Maidir le hábhar agus cineál an dréachta den Chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal, téitear thar an méid ar féidir a mheas mar oiriúnuithe teicniúla de réir Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle. Is í an Chomhairle, dá bhrí sin, a bhunóidh seasamh an Aontais.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'.[3]

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é Comhchoiste LEE a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin Comhaontú LEE. An gníomh a iarrtar ar Chomhchoiste LEE a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí

[1] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.
[2] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.
[3] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíonfar ná ní leasófar creat institiúideach an Chomhaontaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atáthar a mholadh.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis ag an am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an ceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí ar fad a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Saothraítear cuspóirí leis an ngníomh atá beartaithe agus tá comhpháirteanna éagsúla de a bhaineann le slándáil shóisialta agus le soláthar cumhachta. Tá eilimintí an ghnímh atá beartaithe i ndlúthnasc doscartha le chéile gan ceann amháin a bheith teagmhasach le hais an ceann eile.

Dá bhrí sin, is iad na forálacha seo a leanas bunús substaintiúil dlí an chinnidh atáthar a mholadh: Airteagal 48 agus Airteagal 352 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 48 agus Airteagal 352 a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go ndéanfar, le gníomh ó Chomhchoiste LEE, Iarscríbhinn VI maidir le Slándáil Shóisialta a leasú, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2020/0327 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil leis an leasú ar Iarscríbhinn VI (Slándáil Shóisialta) a ghabhann le Comhaontú LEE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 48 agus 352 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 2894/94 an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[4], agus go háirithe Airteagal 1(3) de

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[5] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 den Comhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn VI a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú, ina bhfuil forálacha maidir le slándáil shóisialta.

(3) Luaitear in Airteagal 33 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("Comhaontú um Tharraingt Siar")[6] go mbeidh feidhm ag forálacha Theideal III de Chuid a Dó den Chomhaontú um Tharraingt Siar maidir le náisiúnaigh den Íoslainn, de Phrionsacht Lichtinstéin agus de Ríocht na hIorua ar choinníoll go mbeidh comhaontuithe comhfhreagracha tugtha i gcrích agus á gcur i bhfeidhm ag na tíortha sin le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, a mbeidh feidhm acu maidir le saoránaigh den Aontas, chomh maith le comhaontuithe leis an Aontas a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe.

(4) Luaitear in Airteagal 32 den Chomhaontú maidir leis na socruithe idir an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach, i gComhaontú LEE agus i socruithe eile is infheidhme idir an Ríocht Aontaithe agus Stáit CSTE LEE de bhua bhallraíocht na Ríochta Aontaithe san Aontas Eorpach ("Comhaontú Idirscartha") go mbeidh feidhm ag forálacha Theideal III de

[4] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.
[5] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.
[6] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

Chuid II den Chomhaontú Idirscartha maidir le saoránaigh den Aontas ar choinníoll go mbeidh comhaontuithe comhfhreagracha tugtha i gcrích agus á gcur i bhfeidhm ag an Aontas le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh de Stáit CSTE LEE, chomh maith le comhaontuithe le Stáit CSTE LEE a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe.

(5) Is gá, dá bhrí sin, cosaint chómhalartach ceart slándála sóisialta a sholáthar do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, daoine gan stát agus dídeanaithe, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí, atá nó a bhí, faoi dheireadh na hidirthréimhse, ag maireachtáil i staid trasteorann lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann an tráth céanna.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn VI (Slándáil Shóisialta) a ghabhann le Comhaontú LEE, bunófar an seasamh sin ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán